V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11084 – SMRP / SAS AUTOSYSTEMTECHNIK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 218/05)

1. An 14 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Samvardhana Motherson Automotive Systems Group B.V. ('SMRP,' an Ísiltír), atá faoi lánúinéireacht Samvardhana Motherson International Limited ('SAMIL,' an India),

— SAS Autosystemtechnik GmbH ('SAS,' an Ghearmáin), fochuideachta indíreach atá faoi lánúinéireacht Faurecia SE ('Faurecia,' an Fhrainc).

Gheobhaidh SMRP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SAS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda comhpháirteanna mótarfheithiclí é SMRP, is iad sin painéil ionstraimí, painéil dorais, consóil láir agus cóirithe maisiúla, agus cóimeáil mhodúil chró an phíolóta,

— Tá SAS speisialaithe i gcóimeáil mhodúil chró an phíolóta, consól láir agus modúl inmheánach eile le haghaidh gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11084 – SMRP / SAS AUTOSYSTEMTECHNIK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË